# *Dréacht*-Chód Eitice

# don

# Gharda Síochána

## le haghaidh comhairliúchán poiblí

An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

# Clár Ábhar:

Brollach ... 1

1. Dualgas chun an Dlí a Chumhdach ... 5
2. Macántacht agus ionracas ... 6
3. Meas agus Comhionannas ... 7
4. Údarás agus Freagracht ... 8
5. Cumhachtaí Póilíní ... 9
6. Faisnéis agus Príobháideachas ... 10
7. Trédhearcacht agus Cumarsáid ... 11
8. Labhairt Amach agus Éagóir a Thuairisciú ... 12
9. Ceannaireacht ... 13

DRAFT

# Brollach

## Réamhrá

Ba é Údarás neamhspleách a bhunaigh an Cód seo faoi reacht. Ní sraith rialacha é a thug an lucht bainistíochta isteach lena comhlíonadh ag daoine eile. Táthar ag súil leis go gcuirfear leis an gCód bonn eolais faoi ghníomhartha gach baill foirne den Gharda Síochána ar gach leibhéal den eagraíocht agus go dtreorófar na gníomhartha sin leis.

Leagtar treoirphrionsabail amach leis an gCód. Is é an aidhm atá leis baill foirne a spreagadh agus ardchaighdeáin ghnóthachtála a leagan síos lena mbaint amach san obair laethúil agus sa saol laethúil araon. Léirítear leis an gCód seo an ról bunriachtanach luachmhar a imríonn an phóilíneacht i saol daonlathach an stáit agus i saol laethúil mhuintir an stáit. Is gairm ríthábhachtach í an phóilíneacht agus, dá bhrí sin, is gá sraith caighdeán eiticiúil atá leagtha amach go soiléir agus atá tuigthe go forleathan a chur i bhfeidhm ina leith.

Is ag a lán fostaithe aonair de chuid an Gharda Síochána atá neamhspleáchas an-suntasach agus a ndualgais laethúla á gcomhlíonadh acu. Éilítear orthu lánrogha shuntasach a fheidhmiú le linn dóibh a bhfreagrachtaí a chur i gcrích. Bíonn siad ar an láthair; freagraíonn siad do chora ar leith; déanann siad cinntí ar an toirt. Ní mór dóibh an méid sin ar fad a dhéanamh. Ní athraítear an scéal sin ar aon bhealach leis an gCód seo ach oiread. Mar sin féin, léiríonn an réaltacht sin a mhéid atá iompraíocht eiticiúil ina ghné bhunriachtanach d’obair gach duine sa Gharda Síochána.

Is ionann an Cód seo agus ráiteas soiléir ar cheanglais eiticiúla na hoibre a dhéanann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpóilíneacht. Is ionann é freisin agus léiriú soiléir don phobal ar an gcur chuige a ghlactar i leith na hoibre sin agus ar na caighdeáin iompraíochta a bhfuil sé i dteideal a bheith ag súil leo. Tá ionracas agus cáil an Gharda Síochána ríthábhachtach maidir le hiontaoibh, le muinín agus le comhar an phobail a bhfuil sé de fhreagracht air iad a chosaint agus freastal air a chothú. Is é aidhm an Chóid seo féachaint leis na caighdeáin eiticiúla is airde a chur chun cinn agus a chothabháil sa Gharda Síochána agus, ar an mbealach sin, iontaoibh an phobail as an eagraíocht a mhéadú agus a chothabháil ag an am céanna. Chomh maith leis sin, cothófar leis an

DRAFT

gCód seo an ról tábhachtach atá ag an nGarda Síochána maidir le daoine leochaileacha a chosaint agus maidir le sochaí atá sábháilte agus síochánta a chur chun cinn.

Gairm onórach is ea an phóilíneacht agus bíonn an pobal ag súil leis na caighdeáin is airde iompair agus cleachtais uaithi. Fad a chloíonn siad leis na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód seo, tuilleann daoine a oibríonn sa Gharda Síochána iontaoibh an phobail agus tacaíocht uaidh.

Ní bheidh ábhar an Chóid seo ina údar iontais d'aon duine a oibríonn sa Gharda Síochána, ar ndóigh. An traidisiún seirbhíse atá ar bun le beagnach céad bliain anuas, an bhaint lárnach atá ag an bpóilíneacht le saol an phobail, an dearbhú sollúnta a dhéantar ar fhianú, cóid inmheánacha na heagraíochta – leagtar luachanna amach agus leagtar caighdeáin síos le gach ceann acu. Ina theannta sin, tá raon leathan beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGarda Síochána lena léirítear forálacha reachtúla nó lena dtreoraítear iompraíocht.

Is beodhoiciméad a bheidh sa Chód seo, rud a leanfaidh an tÚdarás Póilíneachta le hathbhreithniú a dhéanamh air agus a bhféadfadh go leasódh an tÚdarás é amach anseo. Ionas go n-éireoidh leis, mar sin, beidh sé tábhachtach an Cód a chur ar áireamh i gcláir oiliúna agus mheastóireachta.

Ba cheart do gach duine sa Gharda Síochána cloí leis an gCód ar gach bealach. Tá cloí leis an gCód ina fhianaise ar an tiomantas atá ag gach duine do sheirbhís a chur ar fáil don phobal agus do chuspóirí na heagraíochta.

## Labhairt amach agus dualgas macántachta

Dlúthchomhar, spiorad foirne, tacaíocht agus dílseacht fhrithpháirteach do chomhchuspóir poiblí, tá gach ceann acu ina ngné bhunriachtanach de shaol agus d'obair gach duine a bhfuil baint acu leis an bpóilíneacht. Mar sin féin, ní mór an phríomhdhílseacht a léiriú don phobal as a dtagann, ar deireadh, an fhreagracht ar fad atá ar an nGarda Síochána agus an t-údarás ar fad atá aige.

Dá bharr sin, tá dualgas macántachta ar bhaill dá gcomhghleacaithe, don eagraíocht agus, thar aon ní eile, don phobal: is é sin, macántacht a léiriú agus iad ag labhairt go



DRAFT

hoscailte laistigh den eagraíocht faoi nithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach ní b'fhearr nó faoi nithe nár cheart a dhéanamh ar chor ar bith; macántacht a léiriú d'íospartaigh, d'fhinnéithe agus don phobal i gcoitinne maidir le hobair póilíneachta; agus macántacht a léiriú, ina gcúinsí faoi seach, do dhaoine a ndearnadh cúiseamh ina n-aghaidh nó atá faoi choinneáil.

Chomh maith leis sin, tá dualgas comhfhreagrach ann freagairt le hoscailteacht agus le misniú do dhaoine a labhraíonn amach, bheith toilteanach chun foghlaim agus athrú agus bheith ionraic agus earráidí á n-admháil. Beidh an méid sin tábhachtach maidir le ceanglas reachtúil nua a léiriú, is é sin, gur cheart an Cód daoine a spreagadh agus a éascú éagóir a thuairisciú. Chomh maith leis sin, cabhróidh sé le feabhas a chur ar obair agus ar cháil an Gharda Síochána.

## Bonn reachtúil

Dréachtaíodh an Cód Eitice de réir Acht an Gharda Síochána 2005. Leagtar amach leis caighdeáin iompair agus chleachtais do gach duine sa Gharda Síochána. Tugtar aird leis an gCód ar Phrionsabail na Póilíneachta atá leagtha amach san Acht. Foráiltear leis na prionsabail sin nach mór seirbhísí póilíneachta a chur ar fáil ar bhealach atá neamhspleách agus neamhchlaon, a urramaíonn cearta an duine agus a thacaíonn le riar ceart éifeachtach an cheartais. Tugtar aird leis an gCód freisin ar na caighdeáin agus ar na cleachtais atá i bhfeidhm i stáit eile agus ar mholtaí ó Chomhairle na hEorpa.

## Raon Feidhme an Chóid

Tá feidhm ag an gCód seo maidir le daoine ag gach céim agus ag gach grád den Gharda Síochána, lena n-áirítear sibhialtaigh, Gardaí cúltaca agus baill faoi mhionn. Mar sin féin, beidh roinnt forálacha den Chód spriocdhírithe go soiléir ar na daoine sin a fheidhmíonn an raon fairsing cumhachtaí a thugtar do bhaill den Gharda Síochána.

Tá feidhm ag an gCód maidir le hidirghníomhaíocht idir daoine a oibríonn don Gharda Síochána agus an pobal agus maidir le hidirghníomhaíocht idir comhghleacaithe laistigh den Gharda Síochána araon.

DRAFT

Cé go bhfuil sé de dhualgas ar an nGarda Síochána cearta an phobail a chosaint, ní mór a chuimhneamh go bhfuil daoine laistigh den eagraíocht i dteideal na gceart céanna agus na cosaintí céanna leo sin atá ag na daoine a bhfreastalaíonn siad orthu.

## Sárú ar an gCód

Táthar ag súil leis go n-úsáidfear cloí comhsheasmhach tiomanta leis an gCód mar thomhas ar thiomantas don eagraíocht agus don phobal agus go gcuirfear é san áireamh nuair a bhíonn meastóireacht á déanamh ar fheidhmíocht agus ar a oiriúnaí atá duine d'ardú céime. Mar an gcéanna, is gá pionós a ghearradh orthu sin a mhainníonn an Cód a chomhlíonadh, go háirithe i gcás mainneachtain thromchúiseach nó sheasmhach cloí le ceanglais an Chóid.

Beidh an Cód i bhfeidhm ar aon dul le Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána agus le Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse agus tabharfar tacaíocht leis an gCód dóibh sin. Ní chuirfear an Cód ina n-ionad. Cé nach bhforáiltear go sonrach le hAcht an Gharda Síochána 2005 a thuilleadh go bhféadfadh gurbh ionann sárú ar an gCód agus sárú ar Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána, tarlóidh sé go minic, mar gheall ar chineál na ngealltanas atá leagtha amach sa Chód seo, go mbeidh sárú ar na gealltanais ina shárú ar Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána. Dá bhrí sin, beidh na hiarmhairtí céanna ag gabháil leis.

Leis an gCód seo, cuirtear caighdeáin iompair agus chleachtais i bhfeidhm do bhaill foirne den Gharda Síochána agus, dá réir sin, is dóigh go ndéanfar tagairt dó nó go mbeifear ag brath air le linn imeachtaí cúirte agus araíonachta.

Is ar bhaill foirne den Gharda Síochána atá an fhreagracht deiridh as a n-iompraíocht féin agus, dá bhrí sin, is gá dóibh ábhar an Chóid seo a thuiscint agus cloí leis. Tá an tÚdarás ag súil leis go ndéanfar socruithe do gach duine a bhfuil feidhm ag an gCód maidir leo gealltanas foirmiúil a thabhairt go gcloífidh siad leis.

DRAFT

# 1. Dualgas chun an Dlí a Chumhdach

Urramóidh mé
an dlí,
cumhdóidh mé
é agus cloífidh
mé leis.

DRAFT

# 2. Macántacht agus ionracas

Bíonn an pobal, do chomhghleacaithe, na cúirteanna agus eagraíochtaí eile ag súil leis go n-inseoidh tú an fhírinne agus bíonn siad ag brath ort déanamh amhlaidh. Tá macántacht agus ionracas an Gharda Síochána ríthábhachtach maidir le feidhmiú an chórais cheartais choiriúil. De réir an chaighdeáin seo, ní mór duit a chinntiú go ngníomhaíonn tú chun leas an phobail i ngach cás agus nach dtagann aon choinbhleacht leasa iarbhír ná fhollasach as do ghníomhartha. Má ghníomhaíonn tú le macántacht agus le hionracas, gnóthóidh tú iontaoibh an phobail agus do chomhghleacaithe agus coinneoidh tú an iontaoibh sin.

## Gealltanais:

- Beidh mé macánta agus gníomhóidh mé le hionracas i ngach cás.
- Saothróidh mé an fhírinne lom trí fhíricí a bhunú agus a thuairisciú ar bhealach macánta oibiachtúil.
- Ní dhéanfaidh mé aon ghníomh éillithe agus beidh sé de mhisneach agam cur i gcoinne gach gnímh den sórt sin agus iad a thuairisciú.
- Le linn dom mo dhualgais a chomhlíonadh, cuirfear mo ghníomhartha i gcrích chun leas an phobail agus ní imreoidh gnóthachan pearsanta tionchar orthu in aon chás.
- Ní ligfidh mé d'aon chúinsí teacht chun cinn a d'fhéadfadh an bonn a bhaint díom féin nó den Gharda Síochána nó a bhfuil an chosúlacht sin orthu, e.g. trí thairiscint aon bhronntanais nó aon fháilteachais a iarraidh a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de mo neamhchlaontacht, nó trí ghlacadh le tairiscint den sórt sin, nó trí leas a bhaint as mo phost chun casaoid phearsanta a réiteach.
- Dearbhóidh mé aon choinbhleacht leasa fhéideartha a d'fhéadfadh cur as do mo chumas an dualgas atá orm a chomhlíonadh nó muinín an phobail as an nGarda Síochána a lagú.
- Ní shaothróidh mé aon ghaol arb eol dom go bhféadfadh sé coinbhleacht leasa a chruthú agus ní shaothróidh mé aon ghaol le duine lena dtagaim i dteagmháil le linn dom mo chuid oibre a chur i gcrích sa chás go bhféadfadh gur mhí-úsáid iontaoibhe nó cumhachta é.

DRAFT

# 3. Meas agus Comhionannas

## Gealltanais:

- Tabharfaidh mé aitheantas agus meas do dhínit bhunúsach agus cearta daonna cothroma gach duine.

- Caithfidh mé go cothrom agus go measúil le gach duine i ngach cás. Cuimsíonn an gealltanas seo gan idirdhealú neamhdhleathach a dhéanamh ar bhonn ar bith.

  ***Samplaí de bhoinn le hidirdhealú:*** *aois, inscne, aitheantas inscne, gnéas, léiriú gnéis, reiligiún, cine, gnéaschlaonadh, stádas pósta, stádas teaghlaigh, míchumas, ballraíocht den lucht taistil, cleamhnú polaitiúil, náisiúntacht, stádas cónaitheachta nó tionscnamh sóisialta.*

- Beidh ionbhá agus comhbhá chuí agam leis na daoine a dtagaim i dteagmháil leo.

- Beidh mé tuisceanach maidir leis na híogaireachtaí atá ag daoine aonair agus leis na cúinsí deacra a bhféadfadh siad bheith iontu agus iad i dteagmháil leis an nGarda Síochána. Freastalóidh mé ar na riachtanais ar leith atá ag duine aonair nuair is gá.

- Ceisteoidh mé aon iompraíocht nó úsáid teanga a thaispeánann idirdhealú, go háirithe idirdhealú in aghaidh daoine leochaileacha nó grúpaí mionlaigh.

- Nuair a bheidh an deis agam, déanfaidh mé bearta gníomhacha chun an caidreamh le pobail leochaileacha a fheabhsú, go háirithe an caidreamh le daoine aonair nó le grúpaí a bhféadfadh nach raibh ach caidreamh teoranta doiligh acu roimhe sin le seirbhísí póilíneachta, rud a chabhródh le cultúr iontaoibhe agus comhair a chothú leis an nGarda Síochána.

Mar bhall foirne den Gharda Síochána, imríonn tú ról tábhachtach i ndínit agus cearta daonna gach duine a chosaint. Is éard atá i gceist leis sin caitheamh go cothrom agus go neamhchlaon le daoine agus iompraíocht mhímheasúil a cheistiú. Is éard atá i gceist leis freisin meas ar dhaoine leochaileacha agus ar ghrúpaí mionlaigh agus comhbhá leo a léiriú.

**Sampla:**
Agus an chumhacht póilíní chun stopadh agus cuardach á feidhmiú agam, ceisteoidh mé cé acu atá an gníomh sin bunaithe ar amhras réasúnta go ndearnadh iompraíocht choiriúil nó atá sé bunaithe ar réamhbhreithiúnas agus ar chlaonadh

DRAFT

# 4. Údarás agus Freagracht

Leis an údarás a thugtar duit le do phost, cuirtear freagracht agus dualgas ort an t-údarás agus an tionchar sin a fheidhmiú ar bhealach atá comhréireach, dleathach agus eiticiúil. Chun a chinntiú gur féidir leat do chuid dualgas a chomhlíonadh de réir do lánchumais, tá freagracht ort as a chinntiú go bhfuil tú oiriúnach don obair.

I gcásanna ina bhfuil éagothroime cumhachta ann idir tú féin agus duine eile, bíodh an duine sin ina bhall den phobal nó ina chomhghleacaí, tá dualgas ort an chumhacht sin a fheidhmiú ar bhealach freagrach agus cáiréiseach i gcónaí.

**Sampla:**
mar fhostaí den Gharda Síochána, ní thacóidh mé le haon chumarsáid ar shuíomhanna líonraithe shóisialta a d'fhéadfadh daoine eile a mheas a bheith ina cumarsáid idirdhealaitheach, bulaíochta, leatromach, íospartha nó ciaptha nó a d'fhéadfadh duine eile a mheas dá barr go bhféadfainn bheith mí-oiriúnach ar bhealach ar bith do mo chuid dualgas a chomhlíonadh go neamhchlaon agus go gairmiúil.

## Gealltanais:

- Caithfidh mé le daoine go cúirtéiseach agus go measúil.
- Gníomhóidh mé le féinsmacht, fiú i gcásanna ina gcuirtear fearg orm agus i gcúinsí míshocra.
- Glacfaidh mé le freagracht as mo ghníomhartha agus mo neamhghníomhartha agus beidh mé cuntasach astu.
- Tacóidh mé le mo chuid comhghleacaithe de réir mo lánchumais agus a ndualgas dleathach á chomhlíonadh acu.
- Comhlíonfaidh mé orduithe dleathacha nó treoracha dleathacha de réir mo lánchumais. Ceisteoidh mé orduithe a mheasaim a bheith neamhdhleathach nó mí-eiticiúil.
- Cinnteoidh mé go bhfuilim oiriúnach ar gach bealach do mo dhualgais ghairmiúla a chomhlíonadh de réir mo lánchumais.
- Tabharfaidh mé tuairisc do mhaoirseoir más amhlaidh nach bhfuilim oiriúnach don obair ar bhealach ar bith.
- Iompróidh mé, is cuma cé acu atáim ar dualgas nó nach bhfuil, mé féin ar bhealach nach dtarraingíonn míchlú ar an nGarda Síochána agus nach mbaineann an bonn de mhuinín an phobail as an bpóilíneacht.
- Cinnteoidh mé go n-úsáidim na meáin shóisialta agus cumarsáidí móibíleacha ar bhealach freagrach, sábháilte agus measúil.

DRAFT

# 5. Cumhachtaí Póilíní

## Gealltanais:

- Beidh meas agam ar chearta daonna gach duine chun na beatha, na saoirse, slándáil an duine, iomláine coirp, saoirse gluaiseachta, saol teaghlaigh agus bheith saor ó ghabháil threallach agus ó choinneáil threallach.

- I gcásanna ina bhfuil sé riachtanach cumhachtaí póilíní a úsáid chun cuspóir a bhaint amach agus mo chuid dualgas á gcomhlíonadh agam, cinnteoidh mé gur comhréireach agus réasúnta atá mo ghníomhartha.

- Ní úsáidfidh mé cumhachtaí póilíní ach ar an méid is ísle is gá chun an toradh riachtanach a bhaint amach.

- Beidh mé réidh le fáthanna agus údar a thabhairt le mo ghníomhartha gach uair a úsáidim cumhachtaí póilíní.

- Breithneoidh mé modhanna níos neamh-chomhéigní agus níos neamhionsáití a úsáid sula n-úsáidim aon chumhachtaí póilíní.

- I gcásanna inar gá dom fórsa a úsáid, tairgfidh mé cúnamh a luaithe is féidir don duine ar úsáideadh an fórsa sin ina aghaidh.

Tá sé de chumhacht ag an nGarda Síochána cur isteach ar chearta daoine aonair agus beidh ceangal air déanamh amhlaidh in amanna. Tá an rogha agus an t-údarás ag baill den Gharda Síochána cumhachtaí suntasacha póilíní a úsáid, lena n-áirítear cumhachtaí chun stopadh agus cuardach, coinneáil, fórsa a úsáid, gabháil, samplaí a thógáil agus faireachas a dhéanamh. I ngach cás, ní mór duit smacht a fheidhmiú agus na cumhachtaí sin á n-úsáid agat agus gan cur isteach ar chearta daoine aonair ach ar an méid is ísle is gá.

DRAFT

# 6. Faisnéis agus Príobháideachas

Déanann an Garda Síochána faisnéis phearsanta agus faisnéis eile, lena n-áirítear faisnéis rí-íogair, a bhailiú, a rochtain agus a bhainistiú. Braitheann an Garda Síochána ar raon daoine, lena n-áirítear íospartaigh agus finnéithe na coireachta, daoine atá cúisithe, sceithirí agus gníomhaireachtaí stáit, chun faisnéis a chur ar fáil dó ar bhonn laethúil. D'fhonn cosaint a dhéanamh ar chearta na ndaoine a chuireann an fhaisnéis sin ar fáil agus ar chearta na ndaoine dá dtagraítear inti, tá sé ríthábhachtach go gcaitheann tú le faisnéis den sórt sin go measúil agus nach ndéanann tú an fhaisnéis sin a úsáid ná a rochtain ach de réir mar a theastaíonn sa ghnáthchúrsa um dhualgais phóilíneachta a chomhlíonadh.

**Sampla:**
bheadh sé ina shárú ar an gCód dá mbainfeadh duine ag a bhfuil rochtain dhlisteanach ar bhunachair shonraí de chuid na bpóilíní úsáid as córais de chuid na bpóilíní chun stair na feithicle athláimhe atá sé ar tí a cheannach a sheiceáil.

## Gealltanais:

- Ní dhéanfaidh mé scriosadh, folú, áibhéil, cur isteach ná cumadh ar fhaisnéis nó ar fhianaise choíche.
- Tabharfaidh mé aitheantas agus meas don cheart atá ag gach duine chun príobháideachais agus ní chuirfidh mé isteach ar an gceart sin ach nuair atá géarghá leis chun cuspóir dlisteanach a bhaint amach.
- Ní dhéanfaidh mé faisnéis a bhailiú, a choinneáil, a rochtain, a nochtadh ná a phróiseáil ar shlí eile ach ar bhealach atá dleathach agus le haghaidh cuspóir dlisteanach póilíneachta.

DRAFT

# 7. Trédhearcacht agus Cumarsáid

## Gealltanais:

- Déanfaidh mé cumarsáid agus comhar oscailte éifeachtach le comhghleacaithe, leis an bpobal agus le heagraíochtaí ábhartha.
- A mhéid is féidir, tabharfaidh mé faisnéis thráthúil fhírinneach d'íospartaigh agus d'fhinnéithe na coireachta, lena n-áirítear an t-eolas is deireanaí ar imscrúduithe.
- Comhlíonfaidh mé an dualgas faisnéis agus taifid a nochtadh ar bhealach tráthúil, fírinneach agus trédhearcach, lena n-áirítear nochtadh do dhaoine atá cúisithe agus dá n-ionadaithe dlíthiúla.
- Cinnteoidh mé go gcuirim faisnéis in iúl go tuisceanach agus ar bhealach sothuigthe.
- Coimeádfaidh mé taifid iomlána chruinne, go háirithe taifid a bhaineann le gach agallamh agus gearán a dhéantar.
- Cinnteoidh mé go dtaispeánaim an t-aitheantas riachtanach go hoscailte agus mé i mbun oibre.

Mar fhostaí den Gharda Síochána, cuireann tú seirbhís ar fáil don phobal agus tá tú cuntasach don phobal as do ghníomhartha. Is féidir nach dtuigfidh daoine eile, an pobal ar áireamh, na húdair le do ghníomhartha i ngach cás. Ní mór duit, dá bhrí sin, bheith réidh leis na húdair sin a mhíniú chomh soiléir agus is féidir. Cuirfidh tú comhar leis an bpobal agus muinín an phobail chun cinn agus beidh iontaoibh ag do chuid comhghleacaithe asat má tá tú chomh hoscailte agus chomh trédhearcach agus is féidir agus má choinníonn tú dea-chumarsáid ar bun laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di. Cabhraíonn an mhaoirseacht agus an t-iniúchadh a dhéanann an pobal ar an nGarda Síochána leis an eagraíocht foghlaim agus feabhsú mar sheirbhís póilíneachta.

DRAFT

# 8. Labhairt Amach agus Éagóir a Thuairisciú

Is féidir deireadh a chur le dochar nó dochar sa todhchaí a chosc, lena n-áirítear calaois, éilliú agus éigeartas, trí labhairt amach faoi éagóir nó faoi dhroch-chleachtas. Nuair a thuairiscíonn tú éagóir nó droch-chleachtas, is féidir go mbeidh tú ag cabhrú le béim a leagan ar rioscaí tromchúiseacha d'éifeachtacht an Gharda Síochána nó dá mhisean, rud a chabhródh leis an bpobal a chosaint agus an eagraíocht a fheabhsú. Chomh maith leis sin, beidh daoine eile sa Gharda Síochána á gcosaint agus á gcur ar a suaimhneas agat agus beidh tú ag cur le cultúr dearfach oscailte oibre a chruthú.

Tá sé mar fhreagracht ar an lucht ardbhainistíochta as a bheith ina eiseamláir ar an dóigh a ndéileálann an Garda Síochána le héagóir ag gach leibhéal. Ní mór don lucht ardbhainistíochta tacaíocht, spreagadh agus cabhair a thabhairt do labhairt amach ag gach leibhéal den eagraíocht, bheith oscailte do na hábhair go léir a ardaítear, aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus leanúint ar aghaidh ag foghlaim agus ag feabhsú bunaithe ar an aiseolas ón bhfoireann agus ar thuairiscí ar éagóir.

Tá sé mar fhreagracht ar gach fostaí den Gharda Síochána as éagóir a cheistiú agus a thuairisciú.

## Gealltanais

- Cosnóidh mé ionracas an Gharda Síochána trí chur go dian in aghaidh iompraíocht neamhghairmiúil, mhí-eiticiúil, neamhdhleathach nó éillitheach de chineál ar bith.
- Ní dhéanfaidh mé neamhaird choíche d'iompraíocht neamhghairmiúil, mhí-eiticiúil, neamhdhleathach nó éillitheach, beag beann ar aitheantas, ról, céim agus grád an duine.
- Tuairisceoidh agus ceisteoidh mé aon iompraíocht neamhghairmiúil, mhí-eiticiúil, neamhdhleathach nó éillitheach agus rachaidh mé i mbun birt ina haghaidh.
- Tabharfaidh mé tacaíocht do chomhghleacaithe a ndéantar íospairt nó bulaíocht orthu mar gur labhair siad amach nó gur thuairiscigh siad éagóir.

## Gealltanas breise an lucht ardbhainistíochta

- Cinnteoidh mé go dtugaim spreagadh agus cabhair do labhairt amach agus d'éagóir a thuairisciú ag gach leibhéal den eagraíocht.

DRAFT

# 9. Ceannaireacht

## Gealltanais

- Beidh mé freagrach agus cuntasach go pearsanta as mo ghníomhartha agus neamhghníomhartha, as orduithe nó treoracha a thugtar do dhaoine eile, as comhlíonadh na n-orduithe sin agus as na hiarmhairtí atá ag baint leo.
- Aithneoidh mé an fhreagracht bhreise atá orm as caighdeáin ghairmiúla agus caighdeáin an Chóid seo a chomhlíonadh agus a chur chun cinn.
- A mhéid is féidir, cinnteoidh mé go gcomhlíonann na baill foirne a bhfuilim freagrach astu a gcuid dualgas ar bhealach atá ag teacht leis an gCód seo agus ceisteoidh mé an iompraíocht ar fad atá neamhghairmiúil, mí-eiticiúil, neamhdhleathach nó éillitheach.
- Cinnteoidh mé go dtugtar tacaíocht agus treoir éifeachtach do bhaill foirne a bhfuilim freagrach astu maidir le comhlíonadh a gcuid dualgas agus le cothabháil an Chóid seo.
- Tacóidh mé le folláine fhisiciúil agus meabhrach na mball foirne a bhfuilim freagrach astu agus cinnteoidh mé an fholláine sin a mhéid is féidir.

Ní bhaineann ceannaireacht le céim ná le grád. Tá freagracht ar gach duine a oibríonn sa Gharda Síochána as ceannaireacht a thaispeáint agus a bheith ina n-eiseamláir trína chinntiú go gclóitear leis na caighdeáin sa Chód seo. Dá mhéad sinsearacht a bhaineann le do ról, is amhlaidh is mó an deis atá agat a bheith i d'eiseamláir agus is mó an dochar a d'fhéadfadh teacht as mí-úsáid ar bith as do phost nó as mainneachtain cloí leis na caighdeáin a éilítear leis an gCód seo.

Is é lucht ardbhainistíochta an Gharda Síochána an léiriú is infheicthe ar luachanna agus ar chultúr an Gharda Síochána, bíodh sé laistigh den eagraíocht nó ná bíodh. Tá oibleagáid ann ar an lucht ardbhainistíochta an Cód seo a chomhlíonadh ina saol féin agus an Cód seo a chumhdach agus a chur chun cinn ag gach leibhéal den Gharda Síochána.

DRAFT